

The Great Story: An Introduction to Philosophy **Scéal Faoi Leith: Buntreoir do Fhealsúnacht**

“Most of us grow up in a story. We don’t grow up so much in a house built of bricks and mortar –we are housed in a great story.”

- John Moriarty

If you are curious to learn about the major themes in the history of philosophy, to sharpen your critical thinking skills, and to apply these learnings to your areas of interest and concern, this course is for you.

We begin by exploring the origins of human curiosity, and proceed to discuss themes of knowledge, ethics, consciousness, mysticism and Eastern traditions, and also examine the rich contribution of Irish thinkers to philosophy, in particular through the work of Kerry-born writer John Moriarty.

Discussion-based and delivered in person in the Dingle Hub, this introduction to philosophy will particularly appeal to those involved in the fields of education, ecology, sustainability, and creative arts.

xxxx

In this course we will begin by exploring why philosophy exists in the first place: why are we naturally curious about existence, the mind, our place in the world?

Then we will look at the origins and methods of philosophy in the ancient world, both Western and Eastern. From there we will trace the development of the major themes in philosophy: consciousness, ethics, the role of the state, the limits of knowledge, and more.

As we progress through these themes we will learn and apply critical thinking skills, and examine how philosophical methods can help us understand and act on major contemporary issues such as social justice, environmental crises, spirituality, globalisation and our role as individuals and collectives within society.

This discussion-based introduction to philosophy will particularly appeal to those involved in the fields of education, ecology, sustainability, and creative arts.

*As part of the course we will also touch on the rich and valuable contributions that Irish philosophers such as Berkeley, Boole, Erigena, and Kerry’s own John Moriarty, have made to the field of philosophy throughout the centuries.

*Discussion-based, interactive, peer learning, connection and overlap with arts and literature, reconnection with nature

Who it’s for?

- Anyone who wonders what the methods of philosophy are, and what purpose they can serve in the world on an individual and collective level
- Those who would like to develop and apply their critical thinking and debating skills in application to their own area of interest
- Anyone who is interested in multilayered thinking about social, environmental and ethical issues
- Artists, writers, journalists/media and those involved in communicating around ethics, environmentalism and social justice.
- Those who have always been curious about what philosophy is, but were too afraid to ask!

Outcomes - What will you learn?

- The major themes in philosophy from the past to the present day; the nature of mind, self, ethics, moral responsibility, the limits of knowledge.
- The links between language and reality
- How our beliefs influence our behaviours
- The rich and valuable contribution that Irish thinkers have made to the world
- The value of 'the examined life'

Dates: 8 weeks Tuesdays 7-9pm starts 22nd Feb

Venue: Dingle Hub

Fee: €120

Facilitator: Kevin J. Power

To book your place and for further info contact Kevin at innerchaptermusic@gmail.com

Kevin J. Power received a PhD in Philosophy from University College Cork in 2015, and has lectured in philosophy of mind and consciousness studies, applied and environmental ethics, political philosophy, and the philosophy of death and dying. In Autumn 2021 he introduced The Philosophy of Interdependence for UCC's Adult Continuing Education programme. He is currently researching the Kerry-born philosopher John Moriarty. Kevin is also a musician and songwriter and has produced for a variety of Irish independent artists. His philosophy writing and music is accessible at www.innerchapter.com

An Saol Ciortha: Ag Léiriú Slí trí Stair na Fealsúnachta

Sa chúrsa seo tosnóimid amach ag féachaint ar an gcúis gurb ann don bhfealsúnacht ar an gcéad dul síos: cad ina thaobh go bhfuilimid chomh fiosrach faoi nádúr an tsaoil, na haigne agus ár n-áit ar an domhan seo?

Ansin, beimid ag féachaint ar bhunús agus modhanna na fealsúnachta sa domhan ársa, idir Iarthar agus Oirthear. Ó sin, beimid ag rianú forbairt phríomh-théamaí na fealsúnachta: an comhfhios, eiticí, ról an stáit, teorainneacha an eolais, agus tuilleadh eile nach iad.

De réir mar a raghaimid ar aghaidh trí na téamaí seo, beimid ag foghlaim scileanna na smaointeoireachta criticiúla, agus ag déanamh scrúdú ar na slíte gur féidir le modhanna na fealsúnachta cabhrú linn chun mórcheisteanna comhaimseartha a thuiscint agus a láimhseáil, leithéidí ceartas sóisialta, géarchéimeanna comhshaoil, spioradáltacht, domhandú, agus ár ról mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpaí laistigh den sochaí.

*Le linn an chúrsa, beimid ag trácht ar shaothar saibhir luachmhar fealsúnaithe Éireannacha ar nós Berkeley, Boole, Eregina agus an Ciarraíoch John Moriarty, a chuir go mór le léann na fealsúnachta leis na céadta bliain.

*Beidh an cúrsa plé-bhunaithe, idirghníomhach, le piarfhoghlaim, nascanna agus comhréim leis an ealaíon agus an litríocht.

Oireann sé do:

Éinne go bhfuil spéis acu foghlaim cad iad modhanna na fealsúnachta, agus cén feidhm atá acu sa domhan seo ar leibhéal an duine aonair agus an ghrúpa.

Éinne go mba mhaith leo forbairt a dhéanamh ar a gcuid smaoinimh chriticiúil agus scileanna díospóireachta ina réimse spéise féin.

Éinne go bhfuil spéis acu i smaointeoireacht ilshraithach timpeall ar cheisteanna sóisialta, comhshaoil, agus eiticí.

Éalaíontóirí, scríbhneoirí, iriseoirí/meáin agus iadsan a bhíonn bainteach le cúrsaí cumarsáide timpeall ar eiticí, comhshaoil agus ceartas sóisialta.

Éinne a bhí fiosrach riamh faoi cad í an fhealsúnacht, ach go raibh leisce orthu an cheist a chur!

Torthaí – Cad a fhoghlaimoidh tú?

Mórtéamaí na fealsúnachta óna tús go dtí an lá inniu; faoi nádúr na haigne, an féin, eiticí, freagracht mhorálta, agus teorainneacha an eolais.

Na nascanna idir teanga agus an saol fírinneach.

An tslí go dtéann an rud a chreidimid i bhfeidhm ar ár n-iompar.

An luach saibhir atá curtha le léann an domhain ag smaointeoirí Éireannacha.

An luach a bhaineann leis an 'Saol Cíortha' a chaitheamh.

Dátaí: Cúrsa 8 Seachtain, Máirt 7 - 9in, ag tosnú 22 Feabhra 2022

Ionad: Mol Chorca Dhuibhne

Táille an Chúrsa: €120 as an 8 seachtain iomlán

Áisitheoir: Kevin J. Power

Chun d'áit a chur in áirithe agus i gcomhair tuilleadh eolais, déan teagmháil le Kevin ag innerchaptermusic@gmail.com

Fuair Kevin J. Power a Chéim Dochtúra san Fhealsúnacht ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 2015 agus tá léachtóireacht déanta aige ar fhealsúnacht na haigne agus staidéir comhfheasa, eiticí feidhmeacha agus comhshaoil, fealsúnacht pholaitiúil, agus fealsúnacht an bháis agus fáil an bháis. I bhFómhar 2021 thug sé an cúrsa tosaigh ar chlár oideachais leanúnaigh do dhaoine fásta de chuid COC ar Fhealsúnacht an Idirspéachais. I láthair na huaire, tá sé i mbun taighde ar an bhfealsúnaí John Moriarty, gurb as Ciarraí ó dhúchas dó. Is ceoltóir agus cumadóir amhrán é Kevin chomh maith, agus tá léiriú déanta aige i gcomhpháirt le ceoltóirí neamhspleácha Éireannacha éagsúla. Tá fáil ar a scríbhneoireacht fealsúnachta agus a chuid ceoil ag www.innerchapter.com